

**C 312**

ISSN 0257-9537

Eagrán Speisialta \*

16 Nollag 2002

# Iris Oifigiúil

## na gComhphobal Eorpach

An t-eagrán Gaeilge

### Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathaneach

*Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach*

- ★ Gníomh ón gComhairle an 28 Samhain 2002 ag tarraingt suas Prótacal a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol) agus an Prótacal maidir le príbhléidi agus diolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóiri agus fhostaithe Europol ..... 1

**GA**

1

\* Faoin tagairt C 312 a foilsiodh ábhar an eagrán seo i dteangacha oifigiúila an Chomhphobail.

16.12.2002

GA

Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)

## GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Samhain 2002

ag tarraingt suas Prótacal a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol) agus an Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóirí agus fhostaithe Europol

(2002/C 312/01)

## TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (¹), agus go háirithe Airteagal 43(1) de,

Ag féachaint don Phrótacl maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol (²), agus go háirithe Airteagal 18 de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Ríocht na Beilge agus Ríocht na Spáinne (³).

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa (⁴),

Ag féachaint don tuairim ón mBord Bainistíochta,

DE BHRÍ go bhfuil sé leagtha sios go sainráite in Airteagal 30(2) den Chonradh ar an Aontas Eorpach a riachtanaí atá sé gur féidir le Europol bheith rannpháirteach i bhfoinne comhpháirteacha um imscrúdú agus bearta a ghlacadh chun gur féidir le Europol iarradh ar na Ballstáit imscrúduithe a thionscnamh i gcásanna sonracha,

DE BHRI gur gá de thoradh rannpháirteachas Europol i gcáil tacaisiochta i gníomhaíochtaí oibríochta ú de na foirne comhpháirteacha um imscrúdú de chuid na mBallstát an Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus Leas-Stiúrthóirí agus fhostaithe Europol a choigeartú,

TAR ÉIS A CHINNEADH Prótacal a bhunú, a bhfuil an téacs de i gceangal leis seo, a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol) agus an Prótacal maidir le pribhléidí agus díolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóirí agus fhostaithe Europol, atá sinthe ar an lá seo ag na hionadaithe de rialtais na mBallstát den Aontas Eorpach,

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Samhain 2002.

*Thar ceann na Comhairle*

An tUachtaráin

B. HAARDER

(¹) IO C 316, 27.11.1995, lch. 2.

(²) IO C 221, 19.7.1997, lch. 2.

(³) IO C 42, 15.2.2002, lch. 8.

(⁴) Tuairim a tugadh ar an 30 Bealtaine 2002 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil).

## IARSCRÍBHJENN

## PRÓTACAL

a leasaíonn an Coinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú (Coinbhinsiún Europol) agus an Prótacal maidir le pribhléidí agus diolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóiri agus fhostaithe Europol

TÁ NA hARDPHÁIRTÉ CONARTHACHA sa Phrótacl seo agus na hArdpháirtithe Conarthacha sa Choinbhinsiún maidir le hOifig Eorpach Póilíneachta a bhunú agus sa Phrótacl maidir le pribhléidí agus diolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóiri agus fhostaithe Europol, Ballstát den Aontas Eorpach,

AC TACAIRT don Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 28 Samhain 2002,

DE BHRÍ:

- (1) De bhun Airteagal 30(2)(a) den Chonradh ar an Aontas Eorpach, tá an Chomhairle chun Europol a chumású chun ullmhú gníomhaiochtaí sonracha um imscrúdú de chuid na n-údarás inniuil sna Ballstáit a éascú agus tacú leis an ullmhú sin, lena n-áiritear gníomhaiochtaí oibriochtaí de chuid foirme comhpháirteacha, ar a mbeidh ionadaithe Europol i gcáil tacaiochta, agus comhordú agus cur i gcrích na ngníomhaiochtaí sin a chothú.
- (2) Ní mó rialacha a leagan síos a rialaíonn rannpháirteachas Europol i bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú. Ba chóir do na rialacha sin aghaidh a thabhairt ar an ról atá ag feidhmeannaigh Europol sna foirne sin, ar an malartú fáisnéise idir Europol agus an fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, chomh maith leis an dliteanas neamh-chonarthach i leith dámáiste arna dhéanamh ag feidhmeannaigh Europol atá rannpháirteach sna foirne sin.
- (3) De bhun Airteagal 30(2)(b) den Chonradh ar an Aontas Eorpach ní mó bearta a ghlaicadh chun gur féidir le Europol a iarraídh ar na húdarás inniuil sna Ballstáit a n-imscrúdúithe a sheoladh agus a chomhordú i gcásartha sonracha.
- (4) Ba chóir an Prótacal maidir le pribhléidí agus diolúintí Europol, comhaltaí a orgán, agus leas-stiúrthóiri agus fhostaithe Europol a leasú jonas nach gcurtair an diolúine atá ag baill foirne Europol i dtaca le focal ó bhéal nó i scríbhinn, agus/nó gníomhartha arna ndéanamh acu agus iad ag feidhmiú a gcuid feidhmeanna oifigiúla, i mbaint lena gcuid gníomhaiochtaí mar rannpháirtithe sna foirne comhpháirteacha um imscrúdú,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

## Airteagal 1

Tá an Coinbhinsiún Europol leasaíthe leis seo mar a leanas:

1. cuirtear na pointí seo a leanas le hAirteagal 3(1):
  6. bheith rannpháirteach i gcáil tacaiochta i bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú, de réir Airteagal 3a;
  7. iarraídh ar na húdarás inniuil sna Ballstáit i dtrácht imscrúdúithe a sheoladh nó a chomhordú i gcásanna sonracha, de réir Airteagal 3b.;
2. cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:
  - (a) 'Airteagal 3a

## Rannpháirteachas i bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú

1. Féadfaidh feidhmeannaigh Europol bheith rannpháirteach i gcáil tacaiochta i bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú, lena n-áiritear na foirne sin arna gcur ar bun i gcomhréir le hAirteagal 1 de Threoirchinneadh an 13 Meitheamh 2002 maidir le foirne comhpháirteacha um imscrúdú<sup>(1)</sup> nó i gcomhréir le hAirteagal 13 de Choinbhinsiún an 29 Bealtaine 2000 maidir le cúnamh frithpháirteach in ábhair choiríula idir na Ballstáit den Aontas Eorpach, a mhéad atá ábhair

choiriúla a bhfuil Europol inniuil ina leith faoi Airteagal 2 á n-imscrúdú ag na foirne sin. Féadfaidh feidhmeannaigh Europol, laistigh de na teorainneacha dá bhforáltear faoin dli sa Bhallstát ina bhfuil an fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú ag oibríú agus i gcomhréir leis an gcomhshocraíocht dá dtagraítear i mír 2, cuidiú i ngach gníomhaiocht agus fáisnéis a mbalartú le gach ball den fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, i gcomhréir le mír 3. Ar a shon sin, ní bheidh siad rannpháirteach in aon bhearta comhéigneacha a ghlacadh.

2. Cur chun feidhme riarthach rannpháirteachas feidhmeannaigh Europol i bhfoireann chomhpháirteach um imscrúdú, leagfar síos é i gcomhshocraíocht idir Stiúrthóir Europol agus na húdarás inniuil sna Ballstáit atá rannpháirteach san fhoireann chomhpháirteach um imscrúdú, mar aon le páirteachas na n-aonad náisiúnta. Bord Bainistíochta Europol, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian dá chomhaltaí, a chinnfidh na rialacha a rialaíonn na comhshocraíochtaí sin.

3. Cuirfidh feidhmeannaigh Europol a gcúraimí i gcrích faoi cheannaireacht cheannaire na foirne, agus aird á tabhairt acu ar na coinníollacha atá leagtha síos sa tsocraíocht dá dtagraítear i mír 2.

16.12.2002

CA

Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

3

4. I gcomhréir leis an tsocraíocht dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3, féadfaidh feidhmeannaigh Europol coinnceáil i dtéagmháil go díreach leis an bhfoireann chomhpháirteach um imscrídú agus faisnéis a chur ar fáil ó aon cheann de na comhpháirteanna den chóras ríomhairithe d'fhaisnéis arna bailiú dá dtagraítear in Aireagal 6, do ghnáthbhail agus do bhaill ar iasach den fhoireann chomhpháirteach um imscrídú, i. gcomhréir leis an gCoinhbhinsiún seo. Má tá teagmháil dhíreach ann, cuirfidh Europol Aonaid Náisiúnta na mBallstát atá ionadaithe ar an bhfoireann chomh maith leis na Ballstáit a chuir an fhaisnéis ar fáil ar an eolas faoi san am céanna.

5. Faisnéis arna fáil ag feidhmeannach Europol agus é ina bhall de fhoireann chomhpháirteach um imscrídú, féadfar, le toiliú ón mBallstát a chuir an thaisnéis ar fáil agus faoina fhreagracht, an fhaisnéis sin a áireamh ar aon cheann de na comhpháirteanna den chóras ríomhairithe faoi na coinnfollacha atá leagtha síos sa Choinhbhinsiún seo.

6. Le linn na n-oibríochtaí de chuid foireann chomhpháirteach um imscrídú dá dtagraítear san Aireagal seo, beidh feidhmeannaigh Europol, maidir le cionta arna ndéanamh ina gcoinne nó acu, faoi réir an dlí náisiúnta i mBallstát na hoibríochta is infheidhme ar dhaoinc le feidhmeanna inchomparáide.

(<sup>1</sup>) IO L 162, 20.6.2002, Ich. 1.

(b) Aireagal 3b

#### Iarrataí ó Europol chun imscríduithe coiriúla a thionscnamh

1. Ba chóir do na Ballstáit déileáil lc haon iarraidh ó Europol chun imscríduithe a thionscnamh, a sheoladh nó a chomhordú i gcásanna sonracha agus ba chóir aird chuí a thabhairt ar iarrataí den sórt sin. Ba chóir Europol a chur ar an eolas faoi an ndéanfar an t-imscrídú arna iarraidh a thionscnamh.

2. Má chinneann na húdaráis inniúla sa Bhallstát gan géilleadh don iarraidh ó Europol, cuirfidh siad Europol ar an eolas faoina gcinneadh agus faoi na cúiseanna atá leis ach amháin mura bhfuil siad in ann a gcuind cúiseanna a thabhairt toisc:

- (i) go ndéanfaí dochar do leasanna slándála náisiúnta sár-riachtanacha trína dtabhairt; nó
- (ii) go ndéanfaí rath imscríduithe atá faoi lán seoil nó sábháilteach daoine aonair a chur i gcontúirt trína dtabhairt.

3. Freagraí ar iarrataí ó Europol chun imscríduithe a thionscnamh, a sheoladh nó a chomhordú i gcásanna sonracha agus fairsnéis chuig Europol faoi thortháil na n-imscríduithe, ba chóir iad a dhíriú trí na húdaráis inniúla sna Ballstáit i gcomhréir leis na rialacha atá leagtha síos i gCoinhbhinsiún Europol agus sa teachtaíocht náisiúnta ábhartha.

4. Ar bhonn comhaontú comhair atá le síniú le Eurojust, cuirfidh Europol, agus iarraidh a déanamh

aige chun imscríduithe coiriúla a thionscnamh, Eurojust ar aon eolas faoi.

(c) Aireagal 39a

#### Dliteanas maidir le rannpháirteachas Europol i bhfoirne comhpháirteacha um imscrídú

1. An Ballstát ar ar a chroíoch a rinne feidhmeannaigh Europol an damáiste agus iad ag oibriú i gcomhréir le hAireagal 3a sa Bhallstát sin le linn dóibh bheith ag cuidíú i mbeartha oibríochta, déanfaidh sé an damáiste sin a chuíteamh faoi na coinnfollacha is infheidhme maidir le damáiste arna dhéanamh ag a chuid feidhmeannach féin.

2. Mura gcomhaontóidh an Ballstát i dtráchtí a mhalairt, déanfaidh Europol aon suimeanna atá iócta aige leis na hiospartaigh nō le daoine atá i dtéideal thar a gceann i leith an damáiste dá dtagraítear i mír 1 a aisíoc ina n-iontláine. Ní mór aon díospóid idir an Ballstát sin agus Europol maidir le prionsabal nō méid na haisíofaíochta a tharchur chuig an mBord Bainis-tiochta agus déanfaidh an Bord an cheist a shocrú trí thromlach dhá thrian.

3. cuirtear na pointí seo a leanas isteach in Aireagal 28(1):

'1a. déanfaidh sé, ag gníomhú dó trí thromlach dhá thrian dá chuid ball, na rialacha a chinneadh a rialaíonn cur chun feidhme riarthach rannpháirteachas fheidhmeannaigh Europol i bhfoirne comhpháirteacha um imscrídú (Aireagal 3a(2));'

'21a. gníomhóidh sé trí thromlach dhá thrian i ndíospóid idir Ballstát agus Europol i dtaca le dliteanas maidir le rannpháirteachas Europol i bhfoirne comhpháirteacha um imscrídú (Aireagal 39a);'

#### Aireagal 2

Cuirtear an mhír seo a leanas le hAireagal 8 den Phrótacl maidir le príbhléidí agus díolúintí Europol, comhalaí a orgán, agus leas-stiúrthóirí agus fhóstaíthe Europol:

'4. I gcomhréir le hAireagal 17(2), ní thabharfar an díolúine dá dtagrítear i mír 1(a) i leith gníomhartha oifigiúla nach mórt a dhéanamh chun na cúraimí a chomháll atá leagtha amach in Aireagal 3a den Choinhbhinsiún maidir le rannpháirteachas fheidhmeannaigh Europol i bhfoirne comhpháirteacha um imscrídú.'

#### Aireagal 3

1. Beidh an Prótacl seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl d'Ardrúnaí Chomhállte an Aontais Eorpach go bhfuil na rialacha bunreachtúla chun an Prótacl seo a ghlacadh comhlánaithe acu.

3. Tiocfaidh an Protacal seo i bhfeidhm 90 lá tar éis an fógra dá dtagrítear i mír 2 a bheith tugtha ag an mBallstát, ar Ballstát den Aontas Eorpach é ar dhára na Comhairle do ghlacadh an Gníomh ag bunú an Phrótaclail seo, arb é an Ballstát deireanach é chun an fhoirmiúlacht sin a chomhlánú.

**Airteagal 4**

1. Beidh aontachas leis an bProtacal seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach más rud é nach bhfuil an Protacal seo tagtha i bhfeidhm ar dháta na hionstraimí aontachais do Choinbhinsiún Europol i gcomhréir le hAirteagal 46 de Choinbhinsiún Europol a thaisceadh.

2. Taiscfeas na hionstraimí aontachais don Phrótacal seo ar aon uain leis na hionstraimí aontachais do Choinbhinsiún Europol i gcomhréir le hAirteagal 46 den Choinbhinsiún sin.

3. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaidh.

4. Mura mbeidh an Protacal seo tagtha i bhfeidhm ar an tréimhse dá dtagraitear in Airteagal 46(4) de Choinbhinsiún Europol a dhul in éag, tiocfaidh sé i bhfeidhm don Bhallstát

aontach ar dháta an Protacal seo a theacht i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 3(3).

5. Ma thagann an Protacal seo i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 3(3) roimh an tréimhse dá dtagraitear in Airteagal 46(4) de Choinbhinsiún Europol a dhul in éag ach tar éis an ionstraimí aontachais a thaisceadh dá dtagraitear i mír 2, aontóidh an Ballstát aontach do Choinbhinsiún Europol mar atá arna leasú de bhua an Phrótacail seo, i gcomhréir le hAirteagal 46 de Choinbhinsiún Europol.

**Airteagal 5**

1. Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaidh taiscí an Choinbhinsiúin seo.

2. Foilseoidh an taiscí in Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach faisneis maidir leis an bProtacal a ghilcadh agus aontachais leis, maidir leis na ráitis agus na forchoimeádais maille le haon fhógra eile a bhaineann leis.

Hecho en Bruselas, el veintiocho de noviembre de dos mil dos.

Udfærdiget i Bruxelles den otteogtyvende november to tusind og to.

Geschehen zu Brüssel am achtundzwanzigsten November zweitausendundzwei.

Έγινε στις Βρυξέλλες, στις είκοσι οκτώ Νοεμβρίου δύο χιλιάδες δύο.

Done at Brussels on the twenty-eighth day of November in the year two thousand and two.

Fait à Bruxelles, le vingt-huit novembre deux mille deux.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an t-ochtú lá is fiche de Shamhain sa bhliain dhá mhíle a dó.

Fatto a Bruxelles, addì ventotto novembre duemila due.

Gedaan te Brussel, de achtentwintigste november tweeduizend en twee.

Feito em Bruxelas, em vinte e oito de Novembro de dois mil e dois.

Tehdy Brysselissä kahdenenkymmenenentenäkahdeksantena päivänä marraskuuta vuonna kaksituhattakaksi.

Som skedde i Bryssel den tjugoåttonde november tjugohundratvå.

6 von 8

194 der Beilagen XXII. GP - Staatsvertrag - Irischer Vertragstext (Normativer Teil)

16.12.2002

GA

Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

5

Pour le gouvernement du Royaume de Belgique

Voor de regering van het Koninkrijk België

Für die Regierung des Königreichs Belgien

For regeringen for Kongeriget Danmark

Für die Regierung der Bundesrepublik Deutschland

Για την Κυβέρνηση της Ελληνικής Δημοκρατίας

Por el Gobierno del Reino de España

6

GA

Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

16.12.2002

Pour le gouvernement de la République française

Thar ceann Rialtas na hÉireann

For the Government of Ireland

Per il Governo della Repubblica italiana

Pour le gouvernement du Grand-Duché de Luxembourg

Voor de regering van het Koninkrijk der Nederlanden

Für die Regierung der Republik Österreich

8 von 8

194 der Beilagen XXII. GP - Staatsvertrag - Irischer Vertragstext (Normativer Teil)

16.12.2002

GA

Iris Oifigiúil na gComhphobal Eorpach

7

Pelo Governo da República Portuguesa

Suomen hallituksen puolesta  
På finska regeringens vägnar

På svenska regeringens vägnar

  
UNDER FÖRBERELLA FÖR RATIFICERING

For the Government of the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland